

# Na Cloig Scoile

Seán Fennell

# Radharc 1

*Ceol: Madonna, Time Goes By.*

*Páistí ag rith isteach ag iompar na gcomharthaí donna 25 bliain  
Ag scairteadh amach na dteachtaireachtaí orthu.*

*Ceol: Jackson 5, ABC*

*Na cloig uilig ag ceol (fonn: Frère Jacques)*

*(chun tosaigh ar an slua)*

*Páistí leis an Chlog Mhór ag breathnú ar na cloig eile*

**GAELSCOIL NA bhFÁL –NA CLOIG SCOILE!!**

Tic Toc, Tic Toc x2  
Ding dong dong, ding ding dong x2  
Tic a Toc-a Tic a Toc x2  
Ding ding dong, ding ding dong x2

*Tiocfaidh na scéalaithe amach.*

**Scéalaí 1:** Lá de na laetha agus ar uair de na huairibh, i scoil bheag bhídeach, in Éirinn, in iarthar na cathrach, an scoil áirithe seo Gaelscoil na bhFál, d'oibrigh na cloig scoile uilig go hiontach éifeachtach. Bhí siad in am an t-am ar fad - ó chlog na maidine go clog am dul na' bhaile.

**Scéalaí 2:** Bhí siad i gcónaí, i gcónaí ceart le 25 bliain anuas.....achan soicind, achan bhomaite, achan uair, achan lá , achan seachtain, achan coicís, achan...

**Scéalaí 1:** Ok. Ok, tuigimid an scéal, bhí siad i gcónaí in am....

**Beirt scéalai:** Choinnigh an Clog Mór na cloig uilig in ord - agus níos tábhachtaí - in am!

*Cuireann na cloig iad féin in aithne. Seasann siad suas/chun tosaigh (clog i ndiaidh cloig). An Clog Mór breá sásta leo.*

**Na Cloig:** Is mise Clog na Maidine (CNM)  
Is mise Clog am Sosa (CAS)  
Is mise Clog am Lóin (CAL)  
Is mise Clog am dul 'na bhaile (CADB)

*Na Cloig ag gearán lena chéile.*

**CNM:** fiche cúig bliain den amaidí seo, ding a ling a ling  
**CAS:** cúig bliana is fiche den chleataráil seo- ding a ling  
**CAL:** cúig bliana is scór ag bualadh- ding a ling a ling  
**CADB:** deich mbliana 's deich mbliana eile agus cúig, aon cheathrú de chéad den ding a ding a ling

**Na Cloig:** deich is deich is a cúig sin a 25  
Sin an méid ama atá muid ag bualadh!  
Ha ha, he he, he  
Sin an meid ama tá a muid ag bualadh!

**Clog Mór:** *(ag breathnú go bródúil ón taobh, ní chluineann sé an gearán)*  
Maith sibh, a chloig lá eile againne sa Ghaelscoil, spíon maith oraibh, cluinim! Tá an  
lá réidh le tosú, ná déanaigí dearmad go bhfuil muid ag coinneáil na scoile seo ag dul  
le cúig bliana is fiche! Ar aghaidh libh!! Everything going like clockwork.....ha, ha

*Déanann na cloig scuaine is téann siad i mbun oibre, ag tosú le Clog na maidine.*

*Cluineann tú na cloig.....de réir a chéile*

*Páistí ag súgradh sa chlos- cluichí beaga*

**Páistí ag ceol:** Brian beo, Brian marbh  
Ma fhaigheann Brian Beo bás  
Beidh an tsrathair ort

**CNM:** Tá sé cúig go dtí a naoi. Déanaigí scuaine roimh a trí - aon, dó, trí....( *scairteadh  
béicíl, páistí ag rith thart srl*)

*Paistí ag rith thart le dul sa scuaine.*

**Múinteoir:** *(ag glaoch an rolla....páistí sa scuaine, ainmneacha na bpáistí ar an ardán sa  
scuaine-beidh's acu)*  
Maith sibh, maidin mhaith, déanaigí scuaine...

*Páistí ag spaisteoireacht go réidh tagann siad mall ar an ardán. Paistí ag caint is ag  
spaisteoireacht.*

**Múinteoir:** Sibhse tá sibh mall.  
An raibh sibh sa Centra thall?  
Ag ceannacht baps le muiceoil's cáis  
Sa leabhar mór poncúlachta daoibh !  
Cá bhfuil Áine?  
Agus an bhfuil d'obair bhaile déanta don oíche anocht?

*Imíonn siad isteach sa rang - as an ardán.*

**Múinteoir:** Isteach libh.

**Na páistí:** *an bhfuil d'obair déanta d'oíche anocht, an bhfuil d'obair déanta don oíche anocht,  
an bhfuil ...*

**CNM:** Sin mé go dtí amárach....(ceann faoi)

**Gach duine:** Aaahh

*Imíonn gach duine, tagann an chéad chlog eile amach*

**CAS:** Is mise clog am sosa-  
Buailim ar leath i ndiaidh a deich  
Agus arís ar a cúig go dtí a haon déag  
Bíonn na páistí uilig ag súgradh is ag spraoi  
Amharcaim orthu go tuirsiúil réidh le dul a luí.

**Múinteoir:** Torthaí amháin anois a pháistí, úlla, bananaí, oráistí – maith sibh ar aghaidh leis na cluichí...

*Paistí ag súgradh daoine ag scipeáil srl. Amhráin leis an scipeáil- míonna na bliana srl.*

**CAS:** Tá sé fíor-leadránach domsa, ní bhíonn aon spraoi agamsa, anois tá an t-am istigh.

**Gach duine:** Aaahh

*Páistí ar ais arís, imíonn gach duine, tagann an chéad chlog eile*

**CAL:** Is mise clog am lóin- am lóin am dinnéir!!!!  
Cúig go dtí meán lae, nuair a ólfais na múinteoirí tae  
Yummy, yummy tá bia i mo tummy

**Múinteoir:** Gaeilge!!

**CAL:** Océ, déarfaidh mé arís é, tá brón orm...  
Yummy, yummy tá bia i mo bholg  
Tá mé ag dul a shlogadh siar  
Ceapairí, prátaí agus glasraí  
Anraith's torthaí's subh..

**Gach duine:** Yummy, yummy tá bia i mo bholg  
Tá mé ag dul a shlogadh siar  
Ceapairí, prátaí agus glasraí  
Anraith's torthaí's subh..

**Múinteoir:** Maith go leor, déanaigí deifir nó ní bheidh sibh ag dul amach.  
Méar ar do bhéal, bruscar sa lár, maith sibh thar barr!  
1,2, 3 maith sibh amach chuig an chlós.  
Scuaine le bhur dtoil maith sibh...

*Bogann na páistí ar aghaidh leo*

**CAL:** Ní ithim nó ní shúgraím ach oiread  
Tá mé tuirseach agus lag i spiorad!

**Gach duine:** Aaaahhh

*Imíonn na páistí, tagann an chéad chlog eile*

**CADB:** Is mise clog am dul 'na bhaile  
Deireadh an lae, hip hip hooray  
Ceathrú go dtí a trí

Tá an scoil thart, am do spraoi

**Paistí:** Deireadh an lae hip hip hooray,  
Ceathrú go dtí a trí, am do spraoi

**Múinteoir:** Tá an t-am istigh, déanaigí scuaine a haon, a dó, a trí  
Lucht an bhus, ar aghaidh libh, faigh do chóta's do mhála

**CADB:** Níl am dul 'na abhaile ann domsa, tá mé dubh dóite, tinn tuirseach ag insint an ama i  
rith ama.

**Na cloig:** *Táimidne dubh dóite, táimidne míshásta  
Déanfaimis rud éigin fá seo go gasta!!!  
Suíonn siad ar an ardán chun tosaigh-reoite.*

*Scéalaithe ar ais*

**Scéalaí 1:** Bhuel bhuel, nach iontach sin, na cloig bhochta ag éirí tinn  
Ní fhaca mé a leithéid i mo shaol, na cloig míshásta, beidh an scoil i mbaol.

**Scéalaí 2:** Socraíonn na cloig ar chruinniú ollmhór, na cloig a thabhairt le cheile le feiceáil cad  
é an scór?

*Cruinniú na gclog- Tic Tic, Tic Toc.....  
Amhrán Tic Toc ón tús a cheol agus iad ag déanamh réidh.*

*Labhraíonn na cloig uilig ag léiriú a gcuid frustrachais  
Níl an Clog Mór ann go fóill*

*(Deir cúpla clog) Níl an clog mór ann go fóill x3  
An bhfuil An Clog mór ann?*

**Gach duine** Phew, anáil

*Cad é do bharúil fá seo go fírinneach?*

**CNM:** Tá mo sháith agam (ag déanamh aithrise ar na múinteoirí) Déanaigí scuaine, éistigí  
do d'ainm, ach bí ciúin...

**CAS:** Mo dhalta féin, tá mé dubh dóite (ag déanamh aithrise ar na múinteoirí) torthaí  
amháin, bígí ag súgradh lena chéile.. ha!!

**CAL:** Tá mé bréan de bheith ag éisteacht leis an challán sa halla agus ag amharc ar an bhia  
nach dtig liom blaiseadh.... (mimic múinteoir) bígí ciúin, bruscar sa lár, méar ar do  
bhéal.....

**CADB:** Tá mé tinn tuirseach chomh maith!! (aithris ar an mhúinteoir) Lucht an bhus ar  
aghaidh libh, lucht an chumainn, tabhair dom sos!!!!

**Na cloig:** deich is deich is a cúig sin a 25  
Sin an méid ama atá muid ag bualadh!  
Ha ha, he he, he  
Sin an méid ama tá a muid ag bualadh

**Na cloig:** Ssshh, fuistigí seo chugainn an Clog Mór!

**Clog Mór:** Bhuel a chloig bheaga, nach deas sibh a fheiceáil. Tá sibhse ag coinneáil na scoile ag dul agus na páistí slán sábháilte. Coinnigí oraibh sa bhliain mhór seo.

**CNM:** Ahh right....(*stánann an clog mór air*)

**Clog Mór:** Coinnigí an obair mhaith ag dul- Tic Toc, ding dong. Ná bígí i bhur suí ró-mhall, Tic Toc ding dong

*Fágann siad slán leis.*

**CAL:** Tá mise ag dul ar stailc - stailc oibre anois!

**Gach duine:** Stailc anois!

**CADB:** Fan bomaite, Jim Larkin, lig domh smaoineamh.  
Tic Toc, Tic Toc, ding dong  
Tá sé agam chan stailc  
A chlog-chairde- chan stailc

**CAS:** Chan stailc, ach sabotoge- loitiméireacht

**Na Cloig:** Sabotage!

*Na cloig uilig tógtha....*

**Clog Mór:** Cad é sin? Sabotage/ Loitiméireacht?

**CNM:** No, no, no sandwiches ceapairí, (*deir na cloig eile uilig, oh sandwiches, ceapairí*)  
táimid ag dul go Subway. Sandwiches, ceapairí ar mhaith leat ceann?

**CAL:** BLT, reggae sub galánta (*faigheann sé sonc*)

**CADB:** Sshh, tusa

**Clog Mór:** Mmmm.. rómhall domhsa, Oíche mhaith mar sin, oíche mhaith.

**Gach duine:** Oíche mhaith

**Scéalaí 1:** Mar sin de, bhí pleán, scéim, tionscadal rúnda ar bun ag na cloig. An scoil a chur trína chéile leis na hamanna uilig. Mí-chinnteacht agus míthuiscint fud fad na scoile.

**Scéalaí 2:** Sin a rinne siad - bhí am lóin ag am sosa, agus bhí am dul 'na bhaile an chéad rud ar maidin!

*Tá múinteoirí ag glaoch an rolla agus gach duine trína chéile.. A lán gníomhacha ar an ardán ag taispeáint an chíor thuathail - Scuaine gach áit, páistí ag rith, páistí measctha suas, isteach is amach leis na cloig, múinteoirí trína chéile- ceol ag cur in iúl callán srl*

**Múinteoirí:** Tar anseo, níl sé....., tá sé.....

**Múinteoir:** Cad é faoin spéir ata ag tarlú?

**Múinteoir:** Níl a fhios agam.

*Ritheann na páistí uilig amach – áthas orthu. Ceol: Pink Floyd – We don't need no education. Páistí scoile ag damhsa.*

**Beirt scéalaí:** Anois , socraíonn na múinteoirí go bhfuil cruinniú de dhíth orthu,

**Scéalaí 1:** agus chan fá choinne tae

**Scéalaí 2:** agus chan fá choinne caife

**Múinteoir 1:** Cad é faoin spéir ata ag dul ar aghaidh?

**Múinteoir 2:** Níl a fhios agam, ach níl mé sásta

**Múinteoir 3:** Tá mé trína chéile

**Múinteoir 1:** Clog am lóin ag am sosa

**Múinteoir 2:** Clog na maidine ag am dul 'na bhaile

**Múinteoir 3:** Na cloig uilig, ag an am mícheart, sin an fhadhb!

*Na cloig ag gáire sa chúlra*

**Múinteoir 1:** Thiocfadh le páistí bheith gortaithe (dáiríre).

*Socraíonn siad labhairt leis an chlog mhór. Imíonn na múinteoirí. Na cloig ar an ardán, ag gáire.*

**CAL:** Clog am lóin ag am sosa--- ha,ha

**CNM:** Clog na maidine ag am dul 'na bhaile - ha,ha, ha

**Clog Mór:** *ag breathnú is ag éisteacht- glór crosta, ag tabhairt amach daofa*  
A Chloig bheaga, éistigí liom, ná bígí falsa, tá daoine gortaithe agus trína chéile.....  
Ní raibh an t-am ceart agaibh, agus bhí taismí ag daoine.... Bhí barraíocht duine sa halla dinnéir ag aon uair amháin, thit páistí sa chlós mar gheall oraibhse. Tá cúpla tachrán beag ag caoineadh! Ní fhaca mé a leithéid i mo shaol.

**Na cloig:** (ceann faoi agus buartha) táimid buartha , chuaigh muid thar fóir....

**Clog Mór:** Amárach, cuirigí é ina cheart, nó beidh daor oraibh!!Éistigí bomaite, bomaite, an dtuigeann tú bomaite ha ha !!

## *Ceol*

**Gach duine:** Táimid ag obair le chéile  
le cúig bliana is fiche  
Ag déanamh gaisce  
ó mhaidin go hoíche  
I nGaelscoil na bhFál  
Le spórt is le spraoi....le spórt is le spraoi....

**Scéalaí 1:** Bhuel, an lá dár gcionn, bhí gach rud ina cheart

**Scéalaí 2:** Ní raibh míthuiscint ann nó amaidí thart

*Tá gach rud ag dul go maith. Scuaíní agus daoine in am...Dinnéar agus lón.*

**Beirt scéalaí:** Díreach mar bhuille na gcloig! Just like clock work!

**Gach duine:** Tic Toc, Tic Toc x2  
Ding dong dong, ding ding dong x2  
Tic a Toc-a Tic a Toc x2  
Ding ding dong, ding ding dong x2

**Beirt Scéalaí:** Sin é an deireadh agus b'shin mar a bhí.  
Agus seo mar a bheas go ceann cúig bliana is fiche!!